

**NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION**  
**AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA**

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007**

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

---

### **CLÁR ÁBHAR**

### **LEATHANACH**

|  |        |
|--|--------|
| EOLAS  | 3      |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 4      |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE          | 5      |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS         | 6-7    |
| RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA            | 8-9    |
| CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS                   | 10     |
| AN CLÁR COMHARDAITHE                           | 11     |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID                   | 12     |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS                | 13 -15 |

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Eolas**

---

### **Comhaltaí Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a ceapadh ó Eanáir 2007 le haghaidh téarma trí bliana:**

An tUas. Sydney Blain (Cathaoirleach)

Siobhán Barron Uas

An tUas. Christy Lynch

An tUas. Gearóid Ó Conluain

Teresa Griffin Uas.

An tUas. Dermot Ryan

An tOll. Patricia Noonan Walsh

An Dr. Seamus Hegarty

An tUas. Rory O'Sullivan

Caroline O'Brien Uas.

Anita Dillon Uas.

An tUas. Tom O'Sullivan

An tSiúr Maighread Ní Ghallchobhair

### **Príomhfheidhmeannach:**

An tUas. Pat Curtin

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

---

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle**

---

Athbhunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) faoi Alt 19 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, 2004 agus de réir an Achta is gá don Chomhairle cuntais chearta d'ioncam agus de chaiteachas go léir na Comhairle a choinneáil, chomh maith le foinsí an ioncaim agus ábhar an chaiteachais sin, agus de réadmhaoin, sochar agus dliteanais na Comhairle. Ní mór don Chomhairle agus í ag ullmhú na ráitis airgeadais seo de réir dea-chleachtais;

- Beartais oiriúnach chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- A rá ar cuireadh caighdeáin bhainteacha chuntasaíochta i bhfeidhm, faoi réir aon difríochtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go bhfuil sé míchuí toimhdiú go leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar aghaidh lena oibríochtaí.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní de chuid NCSE a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le haghaidh coisc agus braith calaoise agus mírialtachtaí eile.

**Ar son na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**

---

**Príomhfheidhmeannach**

---

**Dáta**

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

---

### **Freagracht don Chóras de Rialú Inmheánach Airgeadais**

Ar son comhaltaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta admhaím, mar chathaoirleach, an fhreagracht atá agam cinnte a dhéanamh de go gcothabháiltear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go dtaifeadtar mar is ceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábharthacha nó mírialtachtaí eile, nó go n-aimsítear iad taobh isitigh de thréimhse thráthúil.

### **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) faoi Ordú Aireach, de réir Alt 54 den Acht Oideachais 1998, agus cuireadh tús léi ar 24 Nollaig 2003. Athbhunaíodh í de réir an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Rialtanais Oideachais Speisialta acu, 2004 a cuireadh i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2005

Ghlac an Chomhairle céimeanna le cinnte a dhéanamh de go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe ann trí:

- cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann NCSE a dualgais airgeadais faoin Acht
- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir i struchtúr eagraíochtúil sainmhínte le leithscaradh soiléir dualgas
- forbairt agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta cuí rialaithe
- bunú de choistí cuí na Comhairle chun tuilleadh fócais ar réimsí áirithe a sholáthar agus
- bunú d'fheidhm inmheánach iniúchóireachta

Tá an córas de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach, a bhfuil mar aidhm aici eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear leithscaradh de dhualgais, teorainneacha údaraithe agus lámhleabhar nósanna imeachta doiciméadaithe), agus córas de tharmligean agus d'fhreagracht a sholáthar. Áirítear go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil leis, atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an gComhairle sula gcuirtear é faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta;
- buiséad oibríochtúil aontaithe ag an Chomhairle bunaithe ar theorainneacha buiséid forordaithe leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;
- athbhreithniú mionsonraithe ag an bhFeidhmeannas agus ag an gComhairle ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus tréimhsí suas chun dáta a léiríonn gníomhaíocht airgeadais i gcomparáid le buiséad;
- athbhreithniú rialta ag an bhFeidhmeannas agus ag an gComhairle ar thuarascálacha airgeadais agus ar phríomhtháscairí oibríochtúla agus
- treoirlínte soláthair agus tairisceana sainmhínte go soiléir.

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

---

Le linn 2007, choimisiúnaigh an Chomhairle comhairligh seachtracha chun trí athbhreithniú inmheánacha iniúchóireachta a dhéanamh, ina measc athbhreithniú ar a córas de rialú inmheánach airgeadais.

Déanann an coiste iniúchóireachta, ceaptha ag an gComhairle, athbhreithniú ar na ráitis bliantúla airgeadais agus déanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm éifeachtach den fheidhm inmheánach iniúchóireachta agus ar aon cheisteanna a bhaineann leis an iniúchadh seachtrach. Rinne an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar na tuarascálacha inmheánacha iniúchóireachta agus thuiriscigh orthu chuig an gComhairle.

Cheap an Chomhairle coiste airgeadais freisin a dhéanann athbhreithniú ar ullmhúchán na ndrúachtbhuiséad, ar chur i bhfeidhm an bhuiséid oibríochtúil comhaontaithe, agus a scrúdaíonn cuntais agus a dhéanann athbhreithniú ar rialúcháin airgeadais.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an choiste iniúchóireachta, na feidhme inmheánaí iniúchóireachta agus na foirne bainistíochta Feidhmeannais.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin**

Deimhním don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe ar son na Comhairle:

---

Cathaoirleach,  
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

\_\_\_\_\_ (Dáta)

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

---

### 1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir an chleachtais cuntasaíochta coitianta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus cloíann siad le caighdeán tuarascála airgeadais de chuid Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

### 2. Tréimhse Chuntasaíochta

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ó 1 Eanáir 2007 go dtí 31 Nollaig 2007.

### 3. Ioncam

Léiríonn ioncam an méid íochta go díreach chuig NCSE ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta don bhliain agus méideanna íochta ag an Roinn Oideachais agus Airgeadais ar son NCSE don bhliain.

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe sonraithe ag costas lúide dímheas carnach. Solathraítear dímheas ar bhonn líne díri ag rátaí atá measta chun costais na sócmhainní a dhíscríobh thar a saol úsáideach ionchais, mar seo a leanas:

|                     |            |                      |            |
|---------------------|------------|----------------------|------------|
| Troscán & feistis   | 10 mbliana | Trealamh Ríomhaire   | 5 bliana   |
| Trealamh Oifige     | 5 bliana   | Athchóiriú Léasachta | 19 mbliana |
| Bogearraí Ríomhaire | 3 bliana   |                      |            |

### 5. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an méid gan amúchadh d'ioncam a úsáidtear le sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### 6. Pinsin

De réir Alt 25 (5) den Acht, is státseirbhísigh iad foireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna leasa sainmhínithe iad Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse atá maoinithe agus riartha ag an Roinn Airgeadais. Níl aon táille sna ráitis airgeadais maidir le dliteanais ar bith a tharlaíonn i dtaca leis an bhfoireann seo. Tarchuirtear ranníocaíochtaí déaduchtaithe ó thuarastail chuig an Roinn Airgeadais.

## **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

### **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**

---

Leanann foireann NCSE atá ar iasacht ó eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí ar aghaidh ina mbaill den scéim pinsin atá oiriúnach don fhostaíocht as a dtagann siad ar iasacht. Íoctar méideanna le costas soláthar pinsin a a chlúdach, lena n-áirítear ranníocaíochtaí foirne, don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaca le foireann NCSE atá ina múinteoirí bunscoile, meánscoile, pobalscoile agus scoile cuimsithí ar iasacht agus a leanann ar aghaidh ina mbaill de na scéimeanna pinsin do mhúinteoirí; do VECí maidir le foireann ar iasacht atá ina múinteoirí VEC; agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaca le foireann ar iasacht atá ina státseirbhísí sa Roinn sin.

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

---

|                                    | Nótaí | 2007<br>€          | 2006<br>€          |
|------------------------------------|-------|--------------------|--------------------|
| <b>Ioncam</b>                      |       |                    |                    |
| Deontas Stáit                      | 1     | 8,919,539          | 7,973,994          |
| Aistriú go dtí Cuntas Caipitil     | 7     | 64,524             | (64,281)           |
| Ioncam Eile                        |       | 10,849             | 133                |
|                                    |       | <u>8,994,912</u>   | <u>7,909,846</u>   |
| <br>                               |       |                    |                    |
| <b>Caiteachas</b>                  | 2     | <u>(7,916,848)</u> | <u>(7,589,249)</u> |
| Barrachas d'ioncam thar caiteachas |       | <u>1,078,064</u>   | <u>320,597</u>     |
| <br>                               |       |                    |                    |
| Barrachas/(Easnamh) ag 1 Eanáir    |       | 227,831            | (92,766)           |
| Barrachas/ (Easnamh) ag 31 Nollaig |       | 1,305,895          | 227,831            |

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta sa bhliain, seachas iad siúd atá sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Baineann na torthaí don bhliain le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Ar son na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**

---

**Príomhfheidhmeannach**

---

**Dáta**

---

**Dáta**

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### An Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2007

|   | Nótaí | 2007<br>€                  | 2006<br>€                   |
|---|-------|----------------------------|-----------------------------|
| <b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>  |       |                            |                             |
| Sócmhainní Inláimhsithe   | 4     | 1,025,911                  | 1,090,435                   |
| <b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>  |       |                            |                             |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí Iarmhéid Airgid               | 5     | 64,872<br><u>1,867,615</u> | 123,318<br><u>1,458,281</u> |
| <b>Sócmhainní Reatha Iomlána</b>                                  |       | 1,932,487                  | 1,581,599                   |
| <b>CREIDIÚNAITHE</b><br>(méideanna dlite taobh istigh de bhliain) | 6     | 626,592                    | 1,353,768                   |
| <b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>                                      |       | 1,305,895                  | 227,831                     |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>                 |       | <u>2,331,806</u>           | <u>1,318,266</u>            |
| <b>MAOINITHE AG</b>   |       |                            |                             |
| Barrachas/(easnamh) carnach d'ioncam thar caiteachas              |       | 1,305,895                  | 227,831                     |
| Cuntas Caipitil   | 7     | <u>1,025,911</u>           | <u>1,090,435</u>            |
| <b>Caipiteal Iomlán</b>   |       | <u>2,331,806</u>           | <u>1,318,266</u>            |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta agus nótaí 1 go dtí 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Ar son na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**

---

**Príomhfheidhmeannach**

---

**Dáta**

---

**Dáta**

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

|   | Nótaí | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|-------|-----------|-----------|
| <b>Réiteach de bharrachas oibriúcháin chuig glan</b>            |       |           |           |
| <b>Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>         |       |           |           |
| Barrachas / (easnamh) oibriúcháin don bhliain                   |       | 1,078,064 | 320,597   |
| Dímheas   | 4     | 209,685   | 158,809   |
| Aistriú ó / (go dtí) Cuntas Caipitil                            | 7     | (64,524)  | 64,281    |
| (Méadú) / laghdú i bhféichiúnaithe                              |       | 58,446    | 38,940    |
| Méadú / (laghdú) i gcreidiúnaithe                               |       | (727,176) | 521,918   |
| <hr/>   |       |           |           |
| Glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin            |       | 554,495   | 1,104,545 |
| <br>  |       |           |           |
| <b>Tuairisceáin ar Infheistíocht agus Seirbhísí d'Airgeadas</b> |       |           |           |
| Ús Saothraithe  |       | 0         | 0         |
| <br>  |       |           |           |
| <b>Glanchaiteachas Caipitil</b>                                 |       |           |           |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú      | 7     | (145,161) | (223,091) |
| <br>  |       |           |           |
| <b>Méadú ar airgead tirim</b>                                   |       | 409,334   | 881,454   |

#### RÉITEACH DE GHLANSREABHADH AIRGID CHUIG GLUAISEACHTAÍ I NGLANCHISTÍ

|                               |  |           |           |
|-------------------------------|--|-----------|-----------|
| Glanchistí ag 1 Eanáir        |  | 1,458,281 | 576,827   |
| Glanchistí ag 31 Nollaig      |  | 1,867,615 | 1,458,281 |
| <br>                          |  |           |           |
| <b>Méadú ar airgead tirim</b> |  | 409,334   | 881,454   |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Ar son na Comhairle:**

\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach

\_\_\_\_\_  
Príomhfheidhmeannach

\_\_\_\_\_  
Dáta

\_\_\_\_\_  
Dáta

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

| <b>1. IONCAM</b>  | <b>2007</b> | <b>2006</b> |
|---|-------------|-------------|
|   | €           | €           |
| Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: |             |             |
| Deontas don Chomhairle  | 8,315,000   | 7,187,187   |
| Íocaíochtaí ar son na Comhairle   | 604,539     | 786,807     |
|   | <hr/>       | <hr/>       |
|   | 8,919,539   | 7,973,994   |
| <br>  |             |             |
| <b>2. CAITEACHAS</b>  | <b>2007</b> | <b>2006</b> |
|   | €           | €           |
| Priontáil, postas agus páipéarachas   | 220,671     | 329,005     |
| Cíos agus rátaí   | 387,029     | 265,514     |
| Teileafón   | 216,672     | 226,100     |
| Solas agus Teocht   | 35,729      | 35,893      |
| Deisiúcháin agus cothabháil   | 75,210      | 49,795      |
| Oiliúint agus forbairt  | 126,175     | 97,373      |
| Taisteal agus cothú   | 368,112     | 335,570     |
| Costais chruinnithe   | 50,180      | 15,667      |
| Costais ghinearálta   | 11,174      | 33,894      |
| Táillí earcaíochta  | 44,928      | 10,251      |
| Caiteachas taighde  | 34,250      | 370,486     |
| Costais IT  | 203,723     | 171,875     |
| Seirbhísí seachfhoinsithe agus táillí comhairliúcháin                                   | 116,627     | 210,448     |
| Táille Iniúchta Inmheánaigh   | 9,055       | 11,960      |
| Táille Iniúchta Seachtraigh   | 12,000      | 9,600       |
| Táillí cuntasaíochta  | 8,605       | 6,658       |
| Táillí Dlí  | 605         | 15          |
| Pá agus tuarastail (Nóta 3)   | 5,417,104   | 4,921,183   |
| Costais Leasa Sóisialta   | 369,314     | 329,153     |
| Dímheas   | 209,685     | 158,809     |
|   | <hr/>       | <hr/>       |
| Caiteachas Iomlán   | 7,916,848   | 7,589,249   |

### 3. PÁ AGUS TUARASTAIL

Ag deireadh na bliana 2007, bhí 97 duine fostaithe ag an gComhairle, comhdhéanta de 79 Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO) agus 18 mball foirne sa Cheannoifig. Ba é €4,419,927 an caiteachas ar thuarastail do SENOí agus €97,177 ar thuarastail don fhoireann sa Cheannoifig, iomlán de €5,417,104.

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

#### 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| Costas                    | Athchóiriú<br>Léasachta<br>€ | Trealamh<br>Ríomhaire<br>€ | Trosacán<br>€  | Trealamh<br>Ríomhaire<br>€ | Bogearraí<br>Ríomhaire<br>€ | Iomlán<br>€      |
|---------------------------|------------------------------|----------------------------|----------------|----------------------------|-----------------------------|------------------|
| Ag 31 Nollaig 2006        | 610,351                      | 35,828                     | 158,649        | 421,460                    | 170,272                     | 1,396,560        |
| Breiseanna                | -                            | 5,974                      | 23,554         | 26,439                     | 89,194                      | 145,161          |
| Diúscairtí                | -                            | (575)                      | -              | -                          | -                           | (575)            |
| Ag 31 Nollaig 2007        | <u>610,351</u>               | <u>41,227</u>              | <u>182,203</u> | <u>447,899</u>             | <u>259,466</u>              | <u>1,541,146</u> |
| <b>Dímheas Carnach</b>    |                              |                            |                |                            |                             |                  |
| Ag 31 Nollaig 2006        | 64,248                       | 14,058                     | 29,829         | 174,658                    | 23,332                      | 306,125          |
| Táille don bhliain        | 32,124                       | 7,830                      | 18,570         | 85,168                     | 65,993                      | 209,685          |
| Diúscairtí                | -                            | (575)                      | -              | -                          | -                           | (575)            |
| Ag 31 Nollaig 2007        | <u>96,372</u>                | <u>21,313</u>              | <u>48,399</u>  | <u>259,826</u>             | <u>89,325</u>               | <u>515,235</u>   |
| <b>Glanluach Leabhair</b> |                              |                            |                |                            |                             |                  |
| Ag 31 Nollaig 2006        | <u>546,103</u>               | <u>21,770</u>              | <u>128,820</u> | <u>246,802</u>             | <u>146,940</u>              | <u>1,090,435</u> |
| Ag 31 Nollaig 2007        | <u>513,979</u>               | <u>19,914</u>              | <u>133,804</u> | <u>188,073</u>             | <u>170,141</u>              | <u>1,025,911</u> |

#### 5. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

|                  | 2007<br>€     | 2006<br>€      |
|------------------|---------------|----------------|
| Réamhíocaíochtaí | 45,591        | 96,356         |
| OPW              | 0             | 23,650         |
| Ús Fabhráithe    | 10,848        | 0              |
| Eile             | 8,433         | 3,312          |
|                  | <u>64,872</u> | <u>123,318</u> |

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

#### 6. CREIDIÚNAITHE

|                             | 2007           | 2006             |
|-----------------------------|----------------|------------------|
|                             | €              | €                |
| Paye/Prsi                   | 120,410        | 96,276           |
| Déaduchtuithe Párolla Eile  | 141,082        | 873,664          |
| Soláthróirí - Creidiúnaithe | 39,853         | 227,857          |
| OPW                         | 4,663          | 0                |
| Fabhruithe                  | 318,906        | 149,519          |
| PSWT                        | 1,678          | 6,452            |
|                             | <u>626,592</u> | <u>1,353,768</u> |

#### 7. CUNTAS CAIPITIL

|  | 2007             | 2006             |
|--|------------------|------------------|
|  | €                | €                |
| Iarmhéid Tosaigh                                     | 1,090,435        | 1,026,154        |
| Ioncam a úsáideadh le Sócmhainní a mhaoiniú          | 145,161          | 223,091          |
| Amúchadh de réir dímheasa sócmhainní                 | (209,685)        | (158,810)        |
| Aistriú (go dtí)/ ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | (64,524)         | 64,281           |
| Iarmhéid Deiridh                                     | <u>1,025,911</u> | <u>1,090,435</u> |

#### 8. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanais teagmhasacha ann.

#### 9. CEADÚ DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar